

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

29 Aibreán 2021



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II Gníomhartha neamhreachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2021/703 ón gComhairle an 26 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad 1
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/704 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá 70
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/705 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 a mhéid a bhaineann le líon na samplaí incriminteacha is gá agus leis na critéir feidhmíochta maidir le modhanna anailíse áirithe ⁽¹⁾ 73

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/478 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 99 I, 22.3.2021) (IO L 0, 22.3.2021) 78
- ★ Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2021/481 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 99 I, 22.3.2021) (IO L Eagrán Speisialta Gaeilge 991, an 22 Márta 2021) 79

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

* Faoin tagairt L 146 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/703 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle ⁽¹⁾, bunaítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe. Le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle ⁽²⁾, socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.
- (2) Ón 1 Eanáir 2021, tá feidhm sealadach maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ⁽³⁾ (“an Comhaontú Trádála agus Comhair”).
- (3) Maidir leis na deiseanna iascaireachta atá i Rialachán (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 maidir le stoic a roinntear le tríú tíortha áirithe, tá siad sealadach agus teoranta ó thaobh cainníochta de go tréimhse tar-rolta dar fad 3 mhí bunaithe ar Rialachán (AE) 2020/123 ⁽⁴⁾ agus (AE) 2018/2025 ⁽⁵⁾. I gcásanna dar líon an-teoranta, úsáideadh modheolaíocht eile do na stoic sin ar ag tús na bliana den chuid is mó a dhéantar iascaireacht orthu nó i gcás inar ceanglaíodh leis an gcomhairle eolaíoch laghdúithe móra a dhéanamh i ndeiseanna iascaireachta.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 499(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá sé mar aidhm leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) sealadacha sin a áirithiú go leanfar de ghníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe san Aontas go dtí go dtabharfar i gcrích na comhairliúcháin idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 498 den Chomhaontú sin agus go gcuirfear chun feidhme iad i ndlíchóras an Aontais. Is ar leibhéal a bhí comhsheasmhach leis an méid a cheadaítear faoi Airteagal 499 den Chomhaontú sin a socraíodh iad.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe (IO L 31, 29.1.2021, lch. 20).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31 29.1.2021, lch. 31).

⁽³⁾ IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle an 27 Eanáir 2020 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 025 30.1.2020, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2018/2025 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 lena socraítear le haghaidh 2019 agus 2020 na deiseanna iascaireachta i leith stoic áirithe éisc dhomhainfharraige do shoithí iascaireachta an Aontais (IO L 325, 20.12.2018, lch. 7).

- (5) Tá na comhairliúcháin idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe fós ar siúl. Dá bhrí sin, is gá Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a leasú chun TACanna aontaobhacha sealadacha an Aontais a shíneadh chun deimhneacht dhlíthiúil a chruthú d'oibreoirí an Aontais agus chun a áirithiú go leanfar le gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe go dtí go dtabharfar i gcrích na comhairliúcháin sin i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.
- (6) Tá an cur chuige seo bunaithe ar Airteagal 499(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, lena bhforáiltear, má fhanann stoc atá liostaithe in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú sin nó i dTáblaí A agus B d'Iarscríbhinn 36 a ghabhann leis an gComhaontú singan TAC comhaontaithe, go bhfuil TAC sealadach le leagan síos ag gach Páirtí, TAC a chomhfhreagraíonn don leibhéal a mhol an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaláíocht na Mara (ICES), agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir. De bhun Airteagal 499(3) go (5) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, agus de mhaolú ar mhír 2 den Airteagal sin, socrófar na TACanna do stoic speisialta i gcomhréir leis na treoirlínte atá le glacadh ag an gCoiste Speisialaithe um Iascach faoin 1 Iúil 2021.
- (7) Dá bhrí sin, mar chur chuige ginearálta, ba cheart na deiseanna sealadacha iascaireachta don Aontas a bheith bunaithe ar chomhairle ICES do 2021, agus, i gcás stoc domhainfharraige, do 2022 freisin. Ba cheart go gcomhfhreagróidís do sciar an Aontais arna chomhaontú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.
- (8) Mar chur chuige ginearálta, ba cheart na TACanna sealadacha a shíneadh go dtí an 31 Iúil 2021 agus go gcomhfhreagróidís do chóimheas seacht ndódhéagú nó 58,3 % den leibhéal gabhála bliantúil atá molta ag ICES do 2021 agus, i gcás stoc domhainfharraige, do 2022 freisin. I gcásanna áirithe, ba cheart dóibh freagairt don chóimheas sin de sheasamh an Aontais sna comhairliúcháin atá ar siúl faoi láthair leis an Ríocht Aontaithe mar a shainítear sa Chinneadh ón gComhairle an 5 Márta 2021 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe agus mar a shonraítear a thuilleadh i gcomhréir leis an gCinneadh sin.
- (9) Meastar, i bprionsabal, gur leor an leibhéal sin i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, go dtí an 31 Iúil 2021, ar a laghad, mí amháin tar éis an dáta ar gá na treoirlínte do stoic speisialta a chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe.
- (10) I gcás líon teoranta stoc, ba cheart go bhfreagródh na TACanna sealadacha do chóimheas níos airde ná an leibhéal gabhála bliantúil molta chun séasúracht ghníomhaíochtaí iascaireachta na stoc sin a chur san áireamh.
- (11) Gan dochar do na treoirlínte maidir le stoic speisialta, agus éagmais na dtreoirlínte sin á cur san áireamh, tá na TACanna do na stoic sin comhsheasmhach le hAirteagal 499 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.
- (12) Meastar go dtabharfaidh an tAontas, ar thaobh amháin, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, ar an taobh eile, comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe i gcrích, ó tharla go ndeachaigh an comhaontú roimhe sin in éag an 31 Nollaig 2020. Ba cheart don Chomhairle, dá bhrí sin, deiseanna iascaireachta a eascraíonn as an gcomhaontú sin a shocrú, agus malartuithe deiseanna iascaireachta le tríú tíortha á gcur san áireamh. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin a bheith i bhfeidhm ón dáta a chuirfear an comhaontú sin i bhfeidhm go sealadach iad.
- (13) Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as aon solúbthachtaí idirlimistéir, idirspeiceas agus idirbhliantúla is infheidhme, ar bhealach lena n-áirítear, nach sáraíonn leibhéal foriomlán ghabhálacha an Aontais in 2021 sciar an Aontais den uasleibhéal TAC a fhéadfaidh an tAontas a shocrú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.
- (14) Ag cur san áireamh an cóimheas a chuirtear i bhfeidhm, glacadh an chuóta, na coinníollacha maidir le solúbthachtaí a úsáid, chomh maith le coinníollacha eile a shonraítear i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 499(7) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, urramaítear leis na TACanna sealadacha scaireanna an Aontais a comhaontaíodh faoin gComhaontú sin, mar a leagtar amach ina n-Iarscríbhinní 35 agus 36 a ghabhann leis.

- (15) Comhlíontar, leis na TACanna sealadacha, creat dlíthiúil infheidhme an Aontais freisin, go háirithe Airteagail 4, 5(3) agus 8 de Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus Airteagail 4, 5(3) agus 7 de Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾. Tá siad bunaithe ar an leibhéal a chomhairlíonn ICES, agus staid ar leith na stoc a ghabhtar in iascach measctha a bhféadfadh staideanna “tacht” difear a dhéanamh dó, ag féachaint do chomhairle ICES maidir le hiascaigh mheasctha agus maidir le foghabhálacha dosheachanta.
- (16) Is ann do stoic áirithe dár eisigh ICES comhairle eolaíoch nach ngabhtar iad in aon chor. Má bhunaítear na TACanna le haghaidh na stoc sin ar an leibhéal a léirítear sa chomhairle eolaíoch, thiocfadh feiniméan an “tachtspeicis” chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin, in iascaigh mheasctha. Chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an t-iascach a choimeád ar bun i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith i gceist, agus an gá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) ag an am céanna, is iomchuí TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin. Ba cheart leibhéal na TACanna sin a shocrú ionas go laghdófar ráta básmhairreachta na stoc sin agus go mbeidh sin ina dhreasacht chun roghnaíocht agus seachaint gabhála na stoc sin a fheabhsú. Chun gabhálacha na stoc a laghdú a bhfuil TACanna foghabhála socraithe ina leith, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach as a ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéal a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athshlánú go leibhéal inbhuanaithe.
- (17) Níor cheart i gcás ar bith do na deiseanna iascaireachta sin réamhbhreith a dhéanamh ar bhunú na ndeiseanna iascaireachta i gcomhréir le toradh na gcomhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe ná ar na treoirlínte maidir le stoic speisialta a bheidh le comhaontú leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 499(5) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus le creat dlíthiúil an Aontais.
- (18) De réir na comhairle eolaíche, tá bithmhais stoic sceite an doingin mara Eorpaigh (*Dicentrarchus labrax*) sa Mhuir Cheilteach, i Muir nIocht, i Muir Éireann agus i ndeisceart na Mara Thuaidh (ranna 4b, 4c, 7a, agus 7d go 7h ICES) ag meath ó 2009 agus é faoi bhun MSY $B_{trigger}$ agus ar éigean os cionn B_{lim} faoi láthair. De bharr na mbeart a rinne an tAontas, tá laghdú tagtha ar an mbásmhairsi iascaireachta agus é faoi bhun F_{MSY} faoi láthair. Tá an earcaíocht íseal, áfach, agus í ag athrú gan treo ó 2008 i leith. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint leis na teorainneacha gabhála, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh an spriobhásmhairsi iascaireachta le haghaidh an stoic sin i gcomhréir le MSY.
- (19) I Rialachán (AE) 2021/92, socraíodh ag nialas teorainneacha an TAC maidir le corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES go dtí go bhfoilseofaí an chomhairle eolaíoch ábhartha, comhairle a sholáthair ICES agus a cuireadh ar fáil an 25 Feabhra 2021. Cuirfear tús le hiascach an chorr ghainimh, speiceas a bhfuil saolré ghearr aige, an 1 Aibreán go gairid i ndiaidh fhoilsiú na comhairle eolaíche.
- (20) Ba cheart na teorainneacha gabhála le haghaidh corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES a leasú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ó ICES.
- (21) Le Rialachán (AE) 2021/92, bunaítear deiseanna iascaireachta tosaigh le haghaidh na chéad ráithe de 2021. Thairis sin, le hAirteagal 14 den Rialachán sin, bunaítear toirmeasc ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2021 i gcás soithí a dhéanann iascaireacht ar chorra gainimh ag baint úsáid as trealaimh áirithe i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES. Ós rud é go mbunaítear leis an Rialachán seo, deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana iascaireachta iomláine, ba cheart don toirmeasc sin an tréimhse ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2021 a chumhdach freisin, mar a rinneadh in 2020.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uisce an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1–17).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

- (22) I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sna comhaontuithe maidir leis an gcaidreamh iascaigh leis an Iorua agus i gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, thionóil an tAontas comhairliúcháin thríthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua agus comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua maidir le cearta iascaireachta stoc. Ba cheart na deiseanna iascaireachta do thosc sa Mhuir Thuaidh a bhunú chun cothrom na Féinne a áirithiú d'oibreoirí an Aontais agus chun foráil a dhéanamh d'aisghabháil an stoic sin. I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Dúchais na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus an Prótacal Chur Chun Feidhme a ghabhann leis, tá leibhéal na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil le haghaidh an Aontais in uiscí na Graonlainne in 2021 bunaithe ag an gComhchoiste. Ní mór, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta sin a áireamh sa Rialachán seo.
- (23) Tháinig na na tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir lena sciartha faoi seach de na TACanna i dtaca le stoic áirithe a bhainistear ag ICCAT. Leagtar síos na sciartha sin i dTábla C d'Iarscríbhinn 36 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Ba cheart na táblaí ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta a leasú chun na scaireanna sin a chur san áireamh.
- (24) Tá teorainneacha iarrachta do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais atá i Limistéar Choinbhinsiún ICCAT bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar sna pleananna iascaireachta, acmhainneachta agus feirmeoireachta maidir le tuinníní gorma arna gcur in iúl ag na Ballstáit don Choimisiún. Tuairiscítear na teorainneacha iarrachta sin trí phlean an Aontais a d'fhormhuinigh ICCAT le linn chruinniú idirsheisiúnach Phainéal 2 a tionóladh an 4 agus an 5 Márta 2019. Ba cheart iad a bhunú mar chuid de na deiseanna iascaireachta atá faoin Rialachán seo.
- (25) Ag an naoú cruinniú bliantúil dá chuid in 2021, ghlac an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) teorainneacha nua gabhála le haghaidh bolmán (*Trachurus murphyi*) agus d'fhormheas sí iascaigh thaiscéaláiocha le haghaidh déadiasc (*Dissostichus spp.*). Ba cheart na bearta is infheidhme a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (26) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a leasú dá réir sin.
- (27) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 ón 1 Eanáir 2021. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo ón dáta céanna ar aghaidh. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist nó nár ídiódh go fóill iad.
- (28) I bhfianaise an ghá leanúint de ghníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe agus tús a chur leis an séasúr iascaireachta le haghaidh corra gainimh in am an 1 Aibreán 2021, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/91

Leasítear Rialachán (AE) 2021/91 mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 8(1)

“1. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo i dtábla a leagtar amach in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, tá na deiseanna iascaireachta sa tábla sealadach agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir go dtí an 31 Iúil 2021. Beidh na deiseanna iascaireachta sealadacha sin gan dochar do dheiseanna iascaireachta cinntitheacha a shocrú le haghaidh 2021 agus 2022, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus i gcomhréir le torthaí na gcaibidlíochtaí agus/nó na gcomhairliúcháin idirnáisiúnta, leis na treoirlínte maidir le stoic speisialta a bheidh le comhaontú leis an Ríocht Aontaithe, leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus le pleananna ilbhliantúla ábhartha.”.

- (2) leasaítear Cuid 2 den Iarscríbhinn i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2***Leasú ar Rialachán (AE) 2021/92**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 1:

“1. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo i dtábla deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IA nó Iarscríbhinn IB, tá na deiseanna iascaireachta sa tábla sin sealadach agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir go dtí an 31 Iúil 2021. Beidh na deiseanna iascaireachta sealadacha sin gan dochar do dheiseanna iascaireachta cinntitheacha a shocrú le haghaidh 2021 agus 2022, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus i gcomhréir le torthaí na gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta agus/nó na gcomhairliúcháin idirnáisiúnta, leis na treoirlínte maidir le stoic speisialta a bheidh le comhaontú leis an Ríocht Aontaithe, leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus le pleananna ilbhliantúla ábhartha.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Bainfidh na Ballstáit úsáid as aon solúbthachtaí idirlimistéir, idirspeiceas agus idirbhliantúla is infheidhme, ar bhealach lena n-áirítear nach sáróidh leibhéal foriomlán ghabhálacha an Aontais in 2021 sciar an Aontais d'uasleibhéal sealadach TAC, leibhéal a fhéadfaidh an tAontas a shocrú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaiscirt Éirinn, den pháirt eile.”.

(2) Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 7a

Deiseanna iascaireachta in uiscí na Graonlainne a chur i bhfeidhm

I gcás ina ndéantar tagairt don Airteagal seo i dtábla deiseanna iascaireachta in Iarscríbhinn IB, beidh feidhm ag na deiseanna iascaireachta sa tábla sin ó dháta chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, go dtí an 31 Nollaig 2021.”.

(3) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear “31 Iúil 2021” in ionad “31 Márta 2021”;

(b) i mír 3, cuirtear “31 Iúil 2021” in ionad “31 Márta 2021”.

(4) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad réamhabairtín an chéad fómhír:

“2. De mhaolú ar mhír 1, in Eanáir 2021 agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Iúil, féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES doingin mhara Eorpacha a iascach, agus doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin leis an trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír.”;

(b) i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír (2), cuirtear “3,32” in ionad “1,43”;

(c) i bpointe (d) den chéad fhomhír de mhír (2), cuirtear “0,82” in ionad “0,35”;

(d) i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír (5), cuirtear “ón 1 Márta go dtí an 31 Iúil” in ionad “ón 1 go dtí an 31 Márta”.

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

“Airteagal 14

Séasúir coiscithe iascaireachta le haghaidh corra gainimh

Toirmeascfar iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar chorra gainimh le trál grinnill, saighní nó trealamh tarraingthe comhchosúla ag a bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2021 agus ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2021.”.

(6) in Airteagal 60, cuirtear “31 Iúil 2021” in ionad “31 Márta 2021”.

- (7) leasaítear Iarscríbhinn IA i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (8) leasaítear Iarscríbhinn IB i gcomhréir le Cuid C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (9) leasaítear Iarscríbhinn IC i gcomhréir le Cuid D den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (10) leasaítear Iarscríbhinn ID i gcomhréir le Cuid E den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (11) leasaítear Iarscríbhinn IH i gcomhréir le Cuid F den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (12) leasaítear Caibidil III d'Iarscríbhinn II i gcomhréir le Cuid G den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (13) leasaítear Iarscríbhinn VI i gcomhréir le Cuid H den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Aibreán 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN

CUID A: Leasuithe ar Chuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/91

I gCuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/91, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dtáblaí de dheiseanna iascaireachta ábhartha

“Speiceas: An scabaird dhubh <i>Aphanopus carbo</i>		Limistéar: Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5, 6, 7 agus 12 (BSF/56712-)
Bliain	2021	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 8(1) den Rialachán seo
An Ghearmáin	13	
An Eastóin	6	
Éire	33	
An Spáinn	65	
An Fhrainc	922	
An Laitvia	43	
An Liotuáin	1	
An Pholainn	1	
Eile	3 ⁽¹⁾	
An tAontas	1 087	
An Ríocht Aontaithe	pm	
TAC	pm	

⁽¹⁾ Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iada thuairisciú ar leithligh (BSF/56712_AMS).

Speiceas: Alfainsíní <i>Beryx spp.</i>		Limistéar: Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 (ALF/3X14-)
Bliain	2021	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 8(1) den Rialachán seo
Éire	4 ⁽¹⁾	
An Spáinn	30 ⁽¹⁾	
An Fhrainc	8 ⁽¹⁾	
An Phortaingéil	85 ⁽¹⁾	
An tAontas	127 ⁽¹⁾	
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾	
TAC	pm ⁽¹⁾	

⁽¹⁾ Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo.

Speiceas:	An gránádóir cruinnsocach <i>Coryphaenoides rupestris</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b, 6 agus 7 (RNG/5B67-)
Bliain	2021	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 8(1) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	3 ⁽¹⁾ (²)		
An Eastóin	22 ⁽¹⁾ (²)		
Éire	99 ⁽¹⁾ (²)		
An Spáinn	24 ⁽¹⁾ (²)		
An Fhrainc	1 252 ⁽¹⁾ (²)		
An Liotuáin	29 ⁽¹⁾ (²)		
An Pholainn	15 ⁽¹⁾ (²)		
Eile	3 ⁽¹⁾ (²)(³)		
An tAontas	1 447 ⁽¹⁾ (²)		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾ (²)		
TAC	pm ⁽¹⁾ (²)		

(¹) Féadfar uasmhéid de 10 % de gach cuóta a iascach in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 8, 9, 10, 12 agus 14 (RNG/*8X14- le haghaidh an ghránádóra chruinnsocaigh; RHG/*8X14- le haghaidh foghabhálacha gránadóirí ceanngharbha)).

(²) Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe ar an ngránádóir ceanngharbha. Déanfar foghabhálacha gránadóirí ceanngharbha (RHG/5B67-) a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo. Ní fhéadfaidh siad dul thar 1 % den chuóta.

(³) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (RNG/5B67_AMS le haghaidh an ghránádóra chruinnsocaigh; RHG/5B67_AMS le haghaidh an ghránádóra ceanngharbha).

Speiceas:	An gránádóir cruinnsocach <i>Coryphaenoides rupestris</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 8, 9, 10, 12 agus 14 (RNG/8X14-)
Bliain	2021	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 8(1) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	5 ⁽¹⁾ (²)		
Éire	1 ⁽¹⁾ (²)		
An Spáinn	526 ⁽¹⁾ (²)		
An Fhrainc	24 ⁽¹⁾ (²)		
An Laitvia	9 ⁽¹⁾ (²)		
An Liotuáin	1 ⁽¹⁾ (²)		
An Pholainn	165 ⁽¹⁾ (²)		
An tAontas	731 ⁽¹⁾ (²)		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾ (²)		
TAC	pm ⁽¹⁾ (²)		

(¹) Féadfar uasmhéid de 10 % de gach cuóta a iascach in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 5b, 6, 7 (RNG/*5B67- le haghaidh an ghránádóra chruinnsocaigh; RHG/*5B67- le haghaidh foghabhálacha gránadóirí ceanngharbha).

(²) Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe ar an ngránádóir ceanngharbha. Déanfar foghabhálacha gránadóirí ceanngharbha (RHG/8X14-) a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo. Ní fhéadfaidh siad dul thar 1 % den chuóta.

Speiceas:	An deargán Pagellus bogaraveo	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 6, 7 agus 8 (SBR/678-)
Bliain	2021	TAC réamhchúraim	
Éire	2 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8(1) den Rialachán seo	
An Spáinn	49 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	2 ⁽¹⁾		
Eile	2 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tAontas	55 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾		
TAC	pm ⁽¹⁾		
(1)	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcúota seo.		
(2)	Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SBR/678_AMS).		

Speiceas:	An deargán Pagellus bogaraveo	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 10 (SBR/10-)
Bliain	2021	2022	TAC réamhchúraim
An Spáinn	5	5	
An Phortaingéil	600	600	
An tAontas	605	605	
An Ríocht Aontaithe	pm	pm	
TAC	pm	pm	

CUID B: Leasuithe ar Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE). 2021/92

In Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/92, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dtáblaí de dheiseanna iascaireachta ábhartha:

"Speiceas:	Corra gainimh agus foghabhálacha gaolmhara <i>Ammodytes</i> spp.	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 2a, 3a agus 4 ⁽¹⁾
An Danmhairg	95 295 ⁽²⁾ ⁽³⁾	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	146 ⁽²⁾ ⁽³⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tSualainn	3 499 ⁽²⁾ ⁽³⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	98 940 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽²⁾ ⁽³⁾		
TAC	pm ⁽²⁾		

⁽¹⁾ Cé is moite d'uiscí laistigh de 6 mhuirmhíle ó bhonnliníte na Ríochta Aontaithe ag Sealtainn, Oileán na gCaorach agus Foula.

⁽²⁾ I limistéir bhainistíochta 1r agus 2r, ní fhéadfar an TAC a iascach ach amháin mar TAC faireacháin le prótacal samplála gaolmhar don iascach.

⁽³⁾ Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus ronnach (OT1/*2A3A4X). Foghabhálacha faoitíní agus ronnach arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcúotaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir bhainistíochta seo a leanas le haghaidh corra gainimh, mar a shainítear in Iarscríbhinn III:

Limistéar: Uiscí an Aontais ina bhfuil limistéir bhainistíochta le haghaidh corra gainimh

	1r	2r	3r	4	5r	6	7r
	(SAN/234_1R)	(SAN/234_2R)	(SAN/234_3R)	(SAN/234_4)	(SAN/234_5R)	(SAN/234_6)	(SAN/234_7R)
An Danmhairg	5 154	4 717	12 175	73 117	0	132	0
An Ghearmáin	8	7	19	112	0	0	0
An tSualainn	189	173	447	2 685	0	5	0
An tAontas	5 351	4 897	12 641	75 914	0	137	0
An Ríocht Aontaithe	pm	pm	pm	pm	0	pm	0
Iomlán	pm	pm	pm	pm	0	pm	0

Speiceas:	An t-airgintín mór Argentina silus	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2 (ARU/1/2.)
An Ghearmáin	9	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	3	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Ísiltír	8		
An tAontas	20		
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		

Speiceas:	An t-airgintín mór Argentina silus	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 3a agus 4 (ARU/3A4-C)
An Danmhairg	418	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	4	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Fhrainc	3		
Éire	3		
An Ísiltír	20		
An tSualainn	16		
An tAontas	464		
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		

Speiceas:	An t-airgintín mór Argentina silus	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 5, 6 agus 7 (ARU/567.)
An Ghearmáin	165	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Fhrainc	3		
Éire	153		
An Ísiltír	1 725		
An tAontas	2 046		
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		

Speiceas:	An torsk Brosme brosmes	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 1, 2 agus 14 (USK/1214EI)
An Ghearmáin	pm ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	pm ⁽¹⁾		
Eile	pm ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tAontas	pm ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾		
TAC	pm		
(1)	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo.		
(2)	Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/1214EI_AMS).		

Speiceas:	An torsk Brosme brosmes	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 4 (USK/04-C.)
An Danmhairg	40	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	12		
An Fhrainc	27		
An tSualainn	4		
Eile	4 (1)		
An tAontas	87		
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/04-C_AMS).

Speiceas:	An torsca Brosme brosmé	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 5, 6 agus 7 (USK/567EI.)
An Ghearmáin	35	TAC réamhchúraim	
An Spáinn	121	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	1 441	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
Éire	139		
Eile	35 (1)		
An tAontas	1 771		
An Iorua	0 (2)(3)(4)(5)		
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		
(1)	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (BSF/567EI_AMS).		
(2)	Le hiascach in uiscí an Aontais in 2a, 4, 5b, 6 agus 7 (USK/*24X7C).		
(3)	Coinníoll speisialta: lena n-údaraítear gabháil de thaisme de speicis eile de 25 % in aghaidh an tsoithigh, tráth ar bith, in 5b, 6 agus 7. Féadfar dul thar an gcéatadán sin, áfach, sna chéad 24 uair an chloig tar éis thús na hiascaireachta ar mheá ar leith. Ní rachaidh an ghabháil de thaisme iomlán de speicis eile in 5b, 6 agus 7 thar an méid thíos i dtónaí (OTH/*5B67-). Ní fhéadfaidh an fhoghabháil trosc faoin bhforáil seo i limistéar 6a a bheith thar 5 %.		
	3 000		
(4)	Lena n-áirítear langaí. Ní dhéanfar na cuótaí seo a leanas le haghaidh na hIorua a iascach ach le spiléir i 5b, 6 agus 7:		
	Langa (LIN/*5B67-)	0	
	An torsca (USK/*5B67-)	0	
(5)	Tá na cuótaí torscaí agus langaí le haghaidh na hIorua idirmhalartaithe suas go dtí an méid seo a leanas, i dtónaí:		
	pm		

Speiceas:	An torsa Brosme brosmé	Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (USK/04-N.)
An Bheilg	0	TAC réamhchúraim	
An Danmhairg	75	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE)	
An Ghearmáin	0	Uimh. 847/96	
An Fhrainc	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE)	
An Ísiltír	0	Uimh. 847/96	
An tAontas	75		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Speiceas:	Torcéisc <i>Caproidae</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 6, 7 agus 8 (BOR/678-)
An Danmhairg	2 740	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
Éire	7 715		
An tAontas	10 455		
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	3a (HER/03A.)
An Danmhairg	9 080 ⁽²⁾	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	145 ⁽²⁾		
An tSualainn	9 498 ⁽²⁾		
An tAontas	18 723 ⁽²⁾		
An Iorua	2 881		
Oileáin Fharó	pm pm		
TAC	21 604		

⁽¹⁾ Gabhálacha scadán a thógtar in iascaigh a úsáideann líonta a bhfuil mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin acu.

⁽²⁾ Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den mhéid sin a iascach in uiscí an Aontais in 4 (HER/*04-C.).

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53°30' T (HER/4AB.)
An Danmhairg	49 993	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	33 852		
An Fhrainc	18 838		
An Ísiltír	46 381		
An tSualainn	3 449		
An tAontas	152 513		
Oileáin Fharó	pm		
An Iorua	103 344 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	61 301		
TAC	356 357		

⁽¹⁾ Gabhálacha scadán a thógtar in iascaigh a úsáideann líonta a bhfuil mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin acu.

⁽²⁾ Gabhálacha a thógtar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó chion na hIorua den TAC. Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a thugtar thíos a thógáil in uiscí de chuid an Aontais in 4a agus 4b (HER/*4AB-C).

3 000

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfaidh an tAontas níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil in uiscí na hIorua laistear de 62°T.

Uiscí na hIorua laistear de 62°T (HER/*4NS62)

An tAontas	3 000
------------	-------

Speiceas:	An scadán Clupea harengus	Limistéar:	Uiscí na hIorua laistear de 62°T (HER/4t-S62)
An tSualainn	878 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An tAontas	878	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	356 357		

⁽¹⁾ Ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas sin.

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ Clupea harengus	Limistéar:	3a (HER/03A-BC)
An Danmhairg	5 692 ⁽²⁾	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	51 ⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An tSualainn	916 ⁽²⁾		
An tAontas	6 659 ⁽²⁾		
TAC	6 659 ⁽²⁾		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a thógtar mar fhoghabháil in iascach a úsáidfídh líonta ar lú ná 32 mm a mogallmhéid.

⁽²⁾ Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den mhéid sin a iascach in uiscí an Aontais in 4 (HER/*04-C-BC).

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ Clupea harengus	Limistéar:	4, 7d agus uiscí an Aontais in 2a (HER/2A47DX)
An Bheilg	38	TAC anailíseach	
An Danmhairg	7 421	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	38		
An Fhrainc	38		
An Ísiltír	238		
An tSualainn	36		
An tAontas	7 609		
An Ríocht Aontaithe	141		
TAC	7 750		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a thógtar mar fhoghabháil in iascach a úsáidfídh líonta ar lú ná 32 mm a mogallmhéid.

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ Clupea harengus	Limistéar:	4c, 7d ⁽²⁾ (HER/4CXB7D)
An Bheilg	8 257 ⁽³⁾	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Danmhairg	668 ⁽³⁾		
An Ghearmáin	452 ⁽³⁾		
An Fhrainc	9 274 ⁽³⁾		
An Ísiltír	16 142 ⁽³⁾		
An tAontas	34 793 ⁽³⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽³⁾		

TAC 356 357

- ⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a thógtar in iascaigh a úsáideann líonta a bhfuil a mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.
- ⁽²⁾ Cé is moite de stoc Blackwater: táthar ag tagairt do stoc na scadán i réigiún muirí inbhear na Tamaise laistigh de limistéar atá teorannaithe le rumlíne a théann ó dheas díreach ó Landguard Point (51° 56' T, 1° 19,1' O) go domhanleithhead 51° 33' T agus as sin siar díreach go pointe ar chósta na Ríochta Aontaithe.
- ⁽³⁾ Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den chuóta seo a thógáil in 4b (HER/*04B.).

Speiceas:	An scadán Clupea harengus	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b, 6b agus 6aT ⁽¹⁾ (HER/5B6ANB)
An Ghearmáin	206 ⁽²⁾	TAC réamhchúraim Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Fhrainc	39 ⁽²⁾		
Éire	278 ⁽²⁾		
An Ísiltír	206 ⁽²⁾		
An tAontas	729 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽²⁾		

TAC pm

- ⁽¹⁾ Táthar ag tagairt do stoc na scadán sa chuid sin de limistéar 6a ICES atá lastoir den fhadlíne dhomhanfhaid 7°I agus lastuaidh de líne dhomhanleithid 55°T, nó laistiar den fhadlíne dhomhanfhaid 7°I agus lastuaidh de líne dhomhanleithid 56°T, cé is moite de Chaolas Chluaidh.
- ⁽²⁾ Toirmiscfear díriú ar scadáin ar bith sa chuid sin de limistéir ICES a bheidh faoi réir an TAC sin atá idir 56°T agus 57° 30' T, cé is moite de limistéar sé mhuirmhíle arna thomhas ó bhonnlíne fharraige chríochach na Ríochta Aontaithe.

Speiceas:	An scadán Clupea harengus	Limistéar:	6aD ⁽¹⁾ , 7b, 7c (HER/6AS7BC)
Éire	721	TAC réamhchúraim Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Ísiltír	72		
An tAontas	793		
TAC	793		

- ⁽¹⁾ Táthar ag tagairt do stoc na scadán in 6a laistear de 56°00' T agus laistiar de 07°00' I.

Speiceas:	An scadán Clupea harengus	Limistéar:	7a ⁽¹⁾ (HER/07A/MM)
Éire	471	TAC anailíseach	
An tAontas	471	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Ríocht Aontaithe	pm	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
TAC	pm		

(¹) Laghdaítear an limistéar seo leis an limistéar a theorannaítear:

- ó thuaidh le domhanleithead 52°30' T,
- ó dheas le domhanleithead 52°00' T,
- thiar le cósta na hÉireann,
- thoir le cósta na Ríochta Aontaithe.

Speiceas:	An scadán Clupea harengus	Limistéar:	7e agus 7f (HER/7EF.)
An Fhrainc	271	TAC réamhchúraim	
An tAontas	271	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		

Speiceas:	An scadán Clupea harengus	Limistéar:	7g ⁽¹⁾ , 7h ⁽¹⁾ , 7j ⁽¹⁾ agus 7k ⁽¹⁾ (HER/7G-K.)
An Ghearmáin	6 ⁽²⁾	TAC anailíseach	
An Fhrainc	31 ⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
Éire	437 ⁽²⁾		
An Ísiltír	31 ⁽²⁾		
An tAontas	505 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽²⁾		
TAC	pm ⁽²⁾		

(¹) Méadaítear an limistéar seo leis an limistéar a theorannaítear:

- ó thuaidh le domhanleithead 52°30' T,
- ó dheas le domhanleithead 52°00' T,
- thiar le cósta na hÉireann,
- thoir le cósta na Ríochta Aontaithe.

(²) Ní fhéadfar an cuóta seo a chionroinnt ach ar shoithí atá rannpháirteach san iascach faire chun bailiú sonraí bunaithe ar iascaigh a cheadú le haghaidh an stoic seo mar a mheas ICES é. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann ainm nó ainmneacha an tsoithigh nó na soithí in iúl don Choimisiún sula gceadófar aon ghabhálacha.

Speiceas:	An trosc Gadus morhua	Limistéar:	Skagerrak (COD/03AN.)
An Bheilg	5	TAC anailíseach	
An Danmhairg	1 515		
An Ghearmáin	38		
An Ísiltír	9		
An tSualainn	265		
An tAontas	1 832		
TAC	1 893		

Speiceas:	An trosc Gadus morhua	Limistéar:	4; Uiscí an Aontais in 2a; an chuid sin de 3a nach bhfuil cumhdaithe le Skagerrak agus Kattegat (COD/2A3AX4)
An Bheilg	347 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Danmhairg	1 993		
An Ghearmáin	1 263		
An Fhrainc	428 ⁽¹⁾		
An Ísiltír	1 126 ⁽¹⁾		
An tSualainn	13		
An tAontas	5 170		
An Iorua	2 252 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	5 824 ⁽¹⁾		
TAC	13 246		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in: 7d (COD/*07D.).

⁽²⁾ Féadfar é a thógáil in uiscí an Aontais. Gabhálacha a thógtar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó chion na hIorua den TAC.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcúotaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

Uiscí na hIorua in 4 (COD/*04N-)

An tAontas	4 494
------------	-------

Speiceas:	An trosc Gadus morhua	Limistéar:	Uiscí na hIorua laistear de 62°T (COD/4N-S62)
An tSualainn	382 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An tAontas	382	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

⁽¹⁾ Ní mór foghabhálacha cadóg, mangach, faoitíní agus glasn a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas seo.

Speiceas:	An trosc Gadus morhua	Limistéar:	6b; Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b laistiar de 12°00' I agus in 12 agus 14 (COD/5W6-14)
An Bheilg	0	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	0		
An Fhrainc	1		
Éire	2		
An tAontas	3		
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		

Speiceas:	An trosc Gadus morhua	Limistéar:	6a; uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i 5b lastoir de 12°00' I (COD/5BE6A)
An Bheilg	1 ⁽¹⁾	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo Tá feidhm ag Airteagal 9 den Rialachán seo	
An Ghearmáin	7 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	76 ⁽¹⁾		
Éire	142 ⁽¹⁾		
An tAontas	226 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾		
TAC	pm ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha trosc in iascaigh le haghaidh speicis eile. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe le haghaidh trosc faoin gcuóta seo.

Speiceas:	An trosc Gadus morhua	Limistéar:	7a (COD/07A.)
An Bheilg	1 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Fhrainc	3 ⁽¹⁾		
Éire	49 ⁽¹⁾		
An Ísiltír	1 ⁽¹⁾		
An tAontas	54 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾		
TAC	pm ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

Speiceas:	An trosc Gadus morhua	Limistéar:	7b, 7c, 7e-k, 8, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF (COD/7XAD34)
An Bheilg	7 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Fhrainc	114 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE)	
Éire	166 ⁽¹⁾	Uimh. 847/96	
An Ísiltír	0 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE)	
An tAontas	287 ⁽¹⁾	Uimh. 847/96	
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
		Tá feidhm ag Airteagal 9 den Rialachán seo	
TAC	pm ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha trosc in iascaigh le haghaidh speicis eile. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe le haghaidh trosc faoin gcúota seo.

Speiceas:	An trosc Gadus morhua	Limistéar:	7d (COD/07D.)
An Bheilg	33 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Fhrainc	648 ⁽¹⁾		
An Ísiltír	19 ⁽¹⁾		
An tAontas	700 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾		
TAC	pm		
⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in: 4; Uiscí an Aontais in 2a; an chuid sin de 3a nach bhfuil cumhdaithe le Skagerrak agus Kattegat (COD/*2A3X4).			

Speiceas:	Méigrim scoilteán <i>Lepidorhombus</i> spp.	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 2a agus 4 (LEZ/2AC4-C)
An Bheilg	5	TAC anailíseach	
An Danmhairg	4	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	4	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Fhrainc	24		
An Ísiltír	19		
An tAontas	56		
An Ríocht Aontaithe	pm		
TAC	pm		

Speiceas:	Méigrim scoilteán <i>Lepidorhombus</i> spp.	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; 6; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14 (LEZ/56-14)
An Spáinn	308	TAC anailíseach	
An Fhrainc	1 204 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
Éire	352	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An tAontas	1 864		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾		
TAC	pm		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in: uiscí an Aontais in 2a agus in 4 (LEZ/*2AC4C).

Speiceas:	Méigrim scoilteán <i>Lepidorhombus</i> spp.	Limistéar:	7 (LEZ/07.)
An Bheilg	274 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Spáinn	3 045 ⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	3 696 ⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
Éire	1 680 ⁽²⁾		
An tAontas	8 695		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽²⁾		
TAC	pm		

⁽¹⁾ Féadfar 10 % den chuóta seo a úsáid in 8a, 8b, 8d agus 8e (LEZ/*8ABDE) d'fhoghabhálacha in iascaigh dhírithe le haghaidh an tsóil.

⁽²⁾ Féadfar 35 % den chuóta seo a iascach in 8a, 8b, 8d agus 8e (LEZ/* 8ABDE).

Speiceas:	Méigrim scoilteán <i>Lepidorhombus</i> spp.	Limistéar:	8a, 8b, 8d agus 8e (LEZ/8ABDE.)
An Spáinn	585	TAC anailíseach	
An Fhrainc	472	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An tAontas	1 057	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
TAC	1 057		

Speiceas:	Láimhínigh <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 2a agus 4 (ANF/2AC4-C)
An Bheilg	182 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Danmhairg	401 ⁽¹⁾		
An Ghearmáin	196 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	37 ⁽¹⁾		
An Ísiltír	138 ⁽¹⁾		
An tSualainn	5 ⁽¹⁾		
An tAontas	959 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾		
TAC	pm		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in: 6; uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14 (ANF/*56-14).

Speiceas:	Láimhínigh <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (ANF/04-N.)
An Bheilg	37	TAC réamhchúraim Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Danmhairg	935		
An Ghearmáin	15		
An Ísiltír	13		
An tAontas	1 000		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Speiceas:	Láimhínigh <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	6; uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14 (ANF/56-14)
An Bheilg	118 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	134 ⁽¹⁾		
An Spáinn	126		
An Fhrainc	1 449 ⁽¹⁾		
Éire	328		
An Ísiltír	113 ⁽¹⁾		
An tAontas	2 268		
An Ríocht Aontaithe	pm ⁽¹⁾		
TAC	pm		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in: uiscí an Aontais in 2a agus 4 (ANF/*2AC4C).

Speiceas:	Láimhínigh <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	7 (ANF/07.)
An Bheilg	2 046	(¹)	TAC anailíseach
An Ghearmáin	228	(¹)	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo
An Spáinn	813	(¹)	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo
An Fhrainc	13 129	(¹)	
Éire	1 678	(¹)	
An Ísiltír	265	(¹)	
An tAontas	18 159	(¹)	
An Ríocht Aontaithe	pm	(¹)	
TAC	pm		

(¹) Coinníoll speisialta: a bhféadfai 10 % de a iascach in 8a, 8b, 8d agus 8e (ANF/*8ABDE).

Speiceas:	Láimhínigh <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	8a, 8b, 8d agus 8e (ANF/8ABDE.)
An Spáinn	941		TAC anailíseach
An Fhrainc	5 235		Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo
An tAontas	6 176		Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo
TAC	6 176		

Speiceas:	An chadóg <i>Melanogrammus aeglefinus</i>	Limistéar:	3a (HAD/03A.)
An Bheilg	12		TAC anailíseach
An Danmhairg	2 120		Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo
An Ghearmáin	135		
An Ísiltír	2		
An tSualainn	250		
An tAontas	2 519		
TAC	2 630		

Speiceas:	An chadóg Melanogrammus aeglefinus	Limistéar:	4; uiscí an Aontais in 2a (HAD/2AC4.)
An Bheilg	287	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Danmhairg	1 970		
An Ghearmáin	1 254		
An Fhrainc	2 185		
An Ísiltír	215		
An tSualainn	169		
An tAontas	6 080		
An Iorua	9 841		
An Ríocht Aontaithe	26 865		
TAC	42 785		

